



Anois an Mata!

Bileog
Gníomhaíochta
03

Costas an Uisce

Tá Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ag cur isteach méadair uisce sna scoileanna go léir. Taifeadann an méadar seo méid an uisce a úsáidtear i do scoil. Gearrtar €1.47¹ ar an scoil le haghaidh gach 1,000 lítear a úsáidtear. Clúdaíonn sin an costas chun an t-uisce a chóireáil agus é a chur amach chuig an scoil (féach **Bileog Eolais 03**) agus an costas chun an fuíolluisce a chóireáil a thiocthadh as an scoil.

Má tá **Bileog Gníomhaíochta 02** comhlánaithe agat, tá a fhios agat anois cá mhéad uisce atá tú a úsáid. Má chosnaíonn sé €1.47¹ le haghaidh 1,000 lítear (1m³) uisce, an féidir leat a oibriú amach cá mhéad a chosnóidh sé ar an scoil in aghaidh an lae?

Cad faoin deireadh seachtaine agus na laethanta saoire, an bhfuil tú ag úsáid uisce? Má tá, cá mhéad a chosnaíonn sé ar an scoil in aghaidh an lae?

Cuir i gcás go bhfuil tú ar scoil 200 lá in aghaidh na bliana, is ionann an 165 lá eile agus deirí seachtaine agus laethanta saoire. An féidir leat a oibriú amach cá mhéad atá an scoil a chaitheamh ar uisce gach bliain?

Cá Mhéad a Choigleoidh Tú Féin?

Fualáin

1. Gach uair a dhéantar fualán a shruthlú i leithreas na mbuachaillí, téann lán buicéid d'uisce síos an draein (9 lítear). Tarlaíonn sin gach 20 nóiméad mura bhfuil aon rialtáin ann, de lá agus d'oíche, 365 lá sa bhliain. Oibrigh amach cá mhéad uisce a úsáidtear laistigh de na tréimhsí ama seo:

- a) 1 uair b) 1 lá c) 1 bhliain

Cá mhéad a chosnaíonn sé an fualán sin a choinneáil ar obair don bhliain? (Cuimhnigh go gcosnaíonn sé €1.47¹ in aghaidh 1,000 lítear)



2. Tá rialtáin sna fualáin sa dóigh nach ndéantar iad a shruthlú ach ar feadh 8 n-uaire sa lá ar an 200 lá in aghaidh na bliana nuair atá an scoil oscailte:

a) Cá mhéad uisce a úsáideann an fualán laistigh de bhliain mar sin?



Ar an 165 lá eile (ag an deireadh seachtaine agus ar laethanta saoire), déantar an fualán a shruthlú uair amháin in aghaidh an lae chun é a choinneáil glan.

b) Cá mhéad uisce a úsáideann an sruthlú sláinteach in aghaidh na bliana?

c) Suimigh an dá mhéid le chéile anois chun an tsuim iomlán a thabhairt.

d) Cad é an costas nua?

e) Cá mhéad airgid a choigil sé nuair a cuireadh na rialtáin isteach?

3. Cuirimid i gcás go gcosnaíonn an gaireas rialaithe fualáin €140. Cá fhad a thógfadh sé go n-íocfadh sé as féin?

Leithris

Gach uair a shruthlaíonn tú an leithreas, úsáidtear 9 lítear uisce.

1. Má shruthlaíonn tú an leithreas ceithre huaire in aghaidh an lae, cá mhéad uisce a úsáidfidh tú?

a) In aghaidh an lae b) In aghaidh na bliana (200 lá nuair atá tú ar scoil)

2. Abair gur shruthlaigh gach dalta (abraimis 500) sa scoil an leithreas an líon céanna uaireanta.

Cá mhéad uisce a úsáidfeadh in aghaidh na bliana de bharr an leithreas a shruthlú?

3. Cá mhéad a chosnóidh sin ($€1.47^1 = 1,000$ lítear)?



Ná chuireann tú Mála Hippo i do leithreas, laghdóidh tú méid an uisce a úsáidtear faoi 3 lítear nuair a shruthlóidh tú an leithreas.

4. Má shruthlaíonn tú an leithreas fós ceithre huaire in aghaidh an lae ach Mála Hippo a bheith sa sistéal, cá mhéad uisce a úsáidfidh tú in aghaidh na bliana (200 lá in aghaidh na scoilbhliana)?

5. Más rud é gur shruthlaigh gach dalta (abraimis 500) sa scoil an leithreas an líon céanna uaireanta, cá mhéad uisce a úsáidfeadh sa bhliain de bharr an leithreas a shruthlú?

6. Cá mhéad a chosnóidh sin?

7. Cá mhéad airgid a choigleoidh tú de bharr na Málaí Hippo a chur isteach i sistéal do leithris?

¹ Tá an méid seo cruinn sular cuireadh an bhileog seo i gcló (Deireadh Fómhair 2007). Déan teagmháil le Rannán Seirbhísí Uisce Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath chun na táillí is déanaí cothrom le dáta a fháil.

